



An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

*TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2010*

Clár Ábhar

<i>Caibidil</i>		<i>Lch</i>
	<i>Litir chuig an Aire ón gCoimisinéir</i>	3-4
	<i>Litir chuig an gCoimisinéir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró</i>	5-7
	<i>Sceideal na Cairte agus na dTáblaí</i>	8
1	<i>Tús Eolais</i>	9
2	<i>Pearsanra</i>	10-11
3	<i>Airgeadas</i>	12
4	<i>Beartha an Bhiúró</i> <i>- Beartha um Fháiltais ó Choireacht</i> <i>- Cuntais Ghlacadóireachta</i> <i>- Beartha Ioncaim</i> <i>- Beartha Leasa Shóisialaigh</i> <i>- Imscrúduithe Eile</i>	13-25
5	<i>Dlíthíocht agus Cás Dlí</i> <i>- Beartha um Fháiltais ó Choireacht</i> <i>- Ioncam</i> <i>- Cásanna Suntasacha</i> <i>- Comhar leis an DPP</i>	26-33
6	<i>Forbairtí Idirnáisiúnta</i> <i>- Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní (AROnna)</i> <i>- Camden Assets Recovery Inter-agency Network (CARIN)</i> <i>- Comhar leis na hÚdaráis sa Ríocht Aontaithe</i>	34-36
7	<i>Clabhsúr</i>	37-40
	<i>Aguisíní</i>	41-43

An Garda Síochána

Oifig an Choimisinéara
An Garda Síochána
Páirc an Fhionnuisce
Baile Átha Cliath 8
Éire

Tel/Teileafón: (01) 666 2020 / 2022
Fax/Facs: (01) 666 2021

Luaigh an uimhir tharaghta seo a leanas le do thoil:

Please quote the following ref number



Commissioners Office
Garda Headquarters
Phoenix Park
Dublin 8
Ireland

Láithreán Gréasáin / Web Site:
www.garda.ie

Riomhphost / E-mail:
commissioner@garda.ie

Alan Shatter, Uasal, T.D.
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta
94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara

De réir théarmaí Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 ba mhaith liom Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2010 a chur i do láthair.

Léiríonn an tuarascáil go raibh bliain rathúil eile ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla ó thaobh chomhlíonadh a shainchúram reachtúil de. Is léir gur síorbhagairt faoin tsochaí í an choireacht eagraithe i gcónaí agus sa mhéid sin léiríonn an Biúró a éifeachtaí atá sé mar chuid dhílis de fhreagairt lucht forfheidhmithe dlí ar iompar coiriúil den chineál sin.

Seo í an cúigiú bliain déag den Bhiúró. Roghnaíodh cur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíne nuair a bunaíodh é agus is mór mar a rannchuidigh an dá ghné sin lena bhfuil curtha i gcrích ag an mBiúró go dtí seo. Tá an cur chuige sin ar cheann de na gnéithe is seasmhaí ó thaobh éifeachtacht an Bhiúró de agus gheofar léiriú sa tuarascáil a ghabhann leis seo ar an fhorbairt leanúnach atá ar siúl sa réimse sin trí bhíthin Clár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla a leathnú sa bhliain 2010.


Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de, tá torthaí le feiceáil i gcónaí ar an gcomhar leanúnach trí Líonra CARIN agus trí thionscnaimh eile faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh maidir le sócmhainní coiriúla a aistríodh go dlínsí eile a shainaitheint, díriú orthu agus iad a bhaint.

I measc na mórforbairtí le tamall anuas bhí ainmniú an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní do Phoblacht na hÉireann faoi théarmaí Chreat-Chinneadh Réime na bliana 2007 ón gComhairle. Is iad foireann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a dhéileálann le hiarratais ar chúnaimh faoin Treoir, ar iarratais a oibríonn ar bhonn frithmhalartach iad, ó Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ainmnithe eile.

Le cois an idirchaidrimh a dhéantar ar leibhéal ginearálta an AE, tá naisc láidre trasteorann forbartha ag an mBiúró trína rannpháirtíocht sa Ghrúpa um Fhorfheidhmiú Breosla Trasteorann agus sa Ghrúpa um Fhorfheidhmiú Calaois Tobac. Tá torthaí suntasacha ar an dá thionscnamh sin ina ndírítear ar dhaoine aonair atá bainteach leis an gcineál iompair choiriúil sin sa dlínse seo agus i ndlínse Thuaisceart Éireann.

Mar fhocal scoir, léiríonn an tuarascáil go bhfuil an Biúró gníomhach i gcónaí ag feidhmiú a chuspóirí reachtúla. Bagairt don Stát is ea daoine atá bainteach le coireacht thromchúiseach agus eagraithe agus cuid dhílis den fhreagairt iomlán ar an mbagairt sin ab ea na torthaí a baineadh amach i gcaitheamh na bliana.

Is mise, le meas,



MÁIRTÍN Ó CALLANÁIN
COIMISINÉIR AN
GHARDA SÍOCHÁNA

29 Meitheamh, 2011

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Ba cheart aon fhreagra ar an gcom
seo a sheoladh chuig:

*Chief Bureau Officer
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2*

*Tel/Teileafón:- + 353.1.6663266
Fax/Facs:- + 353.1.6663224*

Agus luaigh an uimhir seo a leanas:-.....



*Príomhoifigeach an Bhiúró
An Biúró um Shócmhainní
Coiriúla
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2*

*R-phost: bureau @eircom.net
cbo@cab.ie*

An Coimisinéir
An Garda Síochána
Ceannáras an Gharda
Páirc an Fhionnuisce
Baile Átha Cliath 8

A Choimisinéir, a chara

Cúis áthais is ea é dom an 15ú Tuarascáil Bhliantúil déag den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain fhéilire 2010 a chur i do láthair. Cuirtear an tuarascáil seo chugat le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, de bhun fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.

Lean an Biúró de bheith ag comhlíonadh a théarmaí tagartha reachtúla chun díriú ar dhaoine a mheastar a d'fhéadfadh a bheith bainteach le hiompar coiriúil agus ar a sócmhainní cibé áit is féidir. I gcaitheamh 2010, thionscain an Biúró imeachtaí maidir le 15 chás nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht Fháltais ó Choireacht. Tionscnaíodh formhór na n-imeachtaí sin in éadan daoine a bhí faoi amhras i ndáil le gáinneáil ar dhruaí. Lena chois sin tionscnaíodh imeachtaí in éadan daoine a measadh a bhí bainteach le cineálacha eile iompair choiriúil lena n-áirítear striapachas, cionta gadaíochta agus an trádáil neamhdhleathach in earraí bréagacha.

Cuireadh os cionn €3.1 mhilliún ar aghaidh chuig an Aire Airgeadais chun sochair an Lárchiste ó imeachtaí a tionscnaíodh faoi reachtaíocht Fháltais ó Choireacht. Lena

chois sin, chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla breis is €4 mhilliún ar aghaidh chuig an Lárchiste de thoradh leas a bhaint as forálacha cuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus aisghabhadh breis is €180,000 maidir le ró-íocaíochtaí faoi fhorálacha Coimirce Sóisialaí.

Leanann an Biúró de bheith ag comhordú a straitéise ar aon dul le pleananna póilíneachta an Gharda Síochána agus le straitéisí na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Bíonn idirchaidreamh leanúnach ag an mBiúró le Stiúirthóir na nIonchúiseamh Poiblí, leis an nGarda Síochána agus leis na Coimisinéirí Ioncaim chun leigheasanna dlí a chomhordú sa tóraíocht ar fháltais ó iompraíocht choiriúil. Maidir leis sin, cuireadh síneadh leis an gClár Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla agus rinneadh tuilleadh forbartha air sa bhliain 2010. Is é an phríomhaidhm leis an bhforbairt sin an Biúró a dhéanamh níos éifeachtaí trí oiliúint a sholáthar do ghníomhaireachtaí gaolmhara as a dtiocfaidh comhar feabhsaithe i measc na ngníomhaireachtaí i gceist.

Tá an Biúró ag obair i gconaí le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta imscrúdaithe coireachta; tá éirithe leis díriú ar fháltais ó choiriúlacht eachtrach agus ar fháltais ó iompar coiriúil a aistríodh thar lear, agus tá caidreamh á fhorbairt i gcónaí le Interpol, le Europol agus le CARIN. Is é an Biúró, ina cháil mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní in Éirinn, a ionadaíonn Éire ag clár na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní sa Bhruiséil.

Tá áthas orm a thuairisciú go bhfaigheann an Biúró tacaíocht den scoth ón bpobal i gcónaí. I gcoitinne, tá gaol maith oibre ann idir an Biúró agus institiúidí airgeadais, comhlachtaí cuntasáíochta agus gníomhaireachtaí rialála eile sa tír. Le cois díriú ar choirpigh mhórchúiseacha eagraithe atá gníomhach ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, tosaíocht de chuid an Bhiúró is ea é dul i ngleic le hiompar coiriúil ar leibhéal an phobail áitiúil agus tá feabhsuithe déanta ar Chlár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla chuige sin.


Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an nGarda Síochána, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, le hOifig an Ard-Aighne agus le hOifig

Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí as an tacaíocht agus an comhar a tugadh don Bhiúró i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shaineolas agus do thiomantas na ndlíodóirí agus na foirne a leithdháil Príomh-Aturnae an Stáit ar an mBiúró. Ba mhaith liom chomh maith an méid a rinne Abhcóidí arna bhfostú ag an Biúró a admháil.

Ar deireadh, mar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, ní mór dom aitheantas a thabhairt don ardleibhéal tacaíochta agus tiomantais a léirigh gach Oifigeach den Bhiúró agus foireann an Bhiúró lena n-áirítear Oifigeach Dlí an Bhiúró, na baill a tugadh ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

I bhfrinne, is é an comhar idir foireann na gcomhlachtaí éagsúla Stáit a bhfuil ionadaithe acu sa Bhiúró is cúis, thar aon ní eile, lena bhfuil bainte amach ag an mBiúró go dtí seo. Cloch choirnéil a bheidh sa chomhar sin agus an Biúró ag iarraidh díriú go héifeachtach ar na dúshláin a bheidh le sárú feasta.

Is mise, le meas,



BLEACHTAIRE-ARD-CHEANNFORT

**EOGHAN U' CORCORAIN
PRÍOMH OIFIGEACH BHIÚRÓ**

29 Meitheamh, 2011

Sceideal na gCairteacha agus na dTáblaí

		<i>Lch</i>
<i>Cairt 1</i>	<i>Oifigigh agus Foireann an Bhiúró</i>	11
<i>Tábla 1</i>	<i>Na cuntais don tréimhse 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010</i>	12
<i>Tábla 2</i>	<i>Líon na mBarántas agus na nOrduithe</i>	13
<i>Tábla 3</i>	<i>Na horduithe a fuarthas faoin Acht um Fháltas ó Choireacht 1996 & 2005</i>	16
<i>Tábla 4</i>	<i>Ráiteas na gCuntas Glacadóireachta</i>	17
<i>Tábla 5</i>	<i>Cáin a gearradh le measúnú</i>	19
<i>Tábla 6</i>	<i>Cáin agus ús a éilíodh</i>	19
<i>Tábla 7</i>	<i>Cáin agus ús a bailíodh</i>	19
<i>Tábla 8</i>	<i>Imeachtaí Ard-Chúirte a tionscnaíodh chun cáin agus ús a aisghabháil</i>	20
<i>Tábla 9</i>	<i>Cáin agus Ús a aisghabhadh le Cumhachtaí Astaithe na gCoimisinéirí Ioncaim</i>	20
<i>Tábla 10</i>	<i>Toradh ar Achomhairc a dhiúltaigh an Biúró</i>	20
<i>Tábla 11</i>	<i>Toradh na n-achomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc</i>	20
<i>Tábla 12</i>	<i>Toradh ar Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda</i>	21
<i>Tábla 13</i>	<i>Spáráil Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime</i>	21
<i>Tábla 14</i>	<i>Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime</i>	22
<i>Tábla 15</i>	<i>Aisghabháil airgid Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime</i>	23

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla Tuarascáil Bhliantúil 2010

Caibidil 1


1. TÚS EOLAIS

- 1.1 Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil déag maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (ar a dtabharfar “an Biúró” anseo feasta) agus clúdaíonn sí an tréimhse 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010 agus an dá dháta sin san áireamh.
- 1.2 Bunaíodh an Biúró sa bhliain 1996 faoin Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 (ar a dtabharfar “an tAcht” anseo feasta). Leasaíodh an tAcht leis an Acht um Fháiltas ó Choireacht (Leasú) 2005. Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna reachtúla an Bhiúró amach in Ailt 4 agus 5 agus tá na hailt seo ceangailte ag Aguisín 1 den tuarascáil seo.
- 1.3 Tiomsaíodh an tuarascáil seo de réir Alt 21 den Acht a cheanglaíonn ar an mBiúró tuarascáil maidir lena gníomhaíochtaí i rith na bliana a chur i láthair an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

Caibidil 2

2. PEARSANRA

- 2.1 Tá foireann an Bhiúró comhdhéanta d'oifigigh ón nGarda Síochána, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus d'Oifigeach Dlí an Bhiúró.
- 2.2 I Meán Fómhair 2010 ceapadh an tArd-Cheannfort Bleachtaire Eugene Corcoran mar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, i gcomharbas ar an Ard-Cheannfort Bleachtaire Patrick G. Byrne a chuaigh ar scor ón nGarda Síochána.
- 2.3 Toisc méadú ar imscrúduithe de bhun théarmaí tagartha Leasa Shóisialaigh an Bhiúró, rinneadh iarratas chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhall breise foirne a bheith tugtha ar iasacht don Bhiúró.
- 2.4 Ba é 68 agus folúntas amháin (1) d'Oifigeach Cléireachais líon iomlán na foirne ag an mBiúró amhail ar 31 Nollaig 2010. Tá súil an folúntas sin a líonadh go luath sa bhliain 2011. Taispeántar miondealú ar fhoireann an Bhiúró i gCairt 1 thall:
- 2.5 Ina theannta sin, shann an Príomh-Aturnae Stáit beirt (2) dhlíodóir, beirt (2) fheidhmeannach dlí agus beirt (2) oifigeach cléireachais chun seirbhísí riachtanacha tacaíochta dlí a sholáthar don Bhiúró. Tar éis do dhlíodóir amháin éirí as sa bhliain 2009, cruthaíodh folúntas nár líonadh fós. Tá an Biúró ag lorg i gcónaí líon iomlán foirne a bheith sannta i bhfianaise na seirbhísí leanúnacha agus méadaithe dlí a theastaíonn ón mBiúró.



Caírt 1: Oifigigh agus Foireann an Bhiúró

2.6 Lean tionscnamh na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ar aghaidh le linn 2010. Oileadh aon Phróifíleoir um Shócmhainní Coiriúla is caoga breise (51), ar ghardaí iad seachtar is daichead (47) agus arbh oifigigh chustaim iad ceathrar (4). Mhéadaigh sin líon na bPróifíleoirí um Shócmhainní Coiriúla go haon chéad seasca a seacht (167). Bíonn idirchaidreamh ann i gcónaí idir na Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla agus an Biúró agus cabhraíonn siad le himscrúduithe a dhéanamh laistigh dá Ranna agus dá gCeantair faoi seach. Lena chois sin, ullmhaíonn PSC próifílí ar choirpigh atá gníomhach laistigh dá limistéar oibriúcháin agus tarchuireann siad na próifílí sin go dtí an Biúró lena mbreithniú le haghaidh gnímh de bhun théarmaí tagartha an Bhiúró.

Caibidil 3

3. AIRGEADAS

3.1 I gcaitheamh na bliana chaith an Biúro airgead a sholáthair an tOireachtas dó tríd an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuspóirí reachtúla a chur i gcrích.

3.2 Chaith an Biúro €6.531 milliún mar a mhiondealaítear i dTábla 1 a leanas.

Tábla 1: Na cuntais don tréimhse 1 Eanáir 2010 – 31 Nollaig 2010

		€000	€000
<i>Airgead a sholáthair an tOireachtas</i>			<i>6,531</i>
<i>Caiteachas</i>	<i>Pá</i>	<i>5,583</i>	
	<i>Neamhphá</i>	<i>948</i>	
	<i>Iomlán</i>	<i>6,531</i>	<i>6,531</i>

3.3 Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na méideanna sin ar fad, faoi mar a fhoráiltear sa Reacht.

Caibidil 4

4. BEARTA AN BHIÚRÓ

4.9 I gcúrsa na bliana rinne an Biúró roinnt beart Cúirte agus beart ar bhealaí seachas trí na Cúirteanna chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Leagtar amach sa tuarascáil seo sonraí na mbeart i gceist lena n-áirítear na torthaí a ghnóthaigh an Biúró i bhfeidhmiú a oibleagáidí reachtúla chun díriú ar fháltais ó iompar coiriúil.

4.2 Bhí raon leathan gníomhaíochtaí i measc na mbeart a rinne an Biúró. Ina measc sin bhí feidhmiú cumhachtaí faoi reachtaíocht Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh mar aon le húsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla a ainmníodh go sonrach lena n-úsáid ag baill den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla agus den Gharda Síochána.

4.3 Rinne an Biúró iarratais chúirte, de bhun Ailt 14 agus 14A den Acht, chun Barántais Chuardaigh agus Orduithe Soláthair a fháil a d'úsáid an Bhiúró dá éis chun fianaise a chruinniú agus é i mbun imscrúduithe. Tá líon na mBarántas agus na nOrduithe sin leagtha amach i dTábla 2 thíos.

Tábla 2: Líon na mBarántas agus na nOrduithe

<i>Tuairisc</i>	<i>Líon</i>
<i>Barántais Chuardaigh faoi Alt 14 den Acht</i>	<i>126</i>
<i>Orduithe chun ábhar a sholáthar faoi Alt 14A den Acht</i>	<i>233</i>

4.4 Bíonn gá le himeachtaí a thionscnamh san Ard-Chúirt i dtaca le mórchuid d'obair an Bhiúró. I gcaitheamh 2010 thionscain an Biúró roinnt beart faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 agus 2005 (ar a dtugtar an tAcht um FC anseo feasta) agus faoi reachtaíocht eile. Lena chois sin, teastaíonn acmhainní nach beag chun dul chun cinn a dhéanamh i mbearta a tionscnaíodh i mblianta roimhe seo.

BEARTA UM FHÁLTAIS Ó CHOIREACHT

- 4.5 Is é Príomh-Oifigeach an Bhiúró nó an Biúró ina ainm féin a thionscnaíonn imeachtaí de ghnáth faoin reachtaíocht Fháltais ó Choireacht. Déantar iarratas san Ard-Chúirt faoi Alt 2 den Acht um FC ar Ordú Eatramhach, a thoirmisceann déileáil le maoin má bhíonn an Chúirt sásta, de réir an chaighdeáin chruthúnais shibhialta, gur fáltais ó choireacht atá i maoin dá sórt agus go bhfuil luach nach lú ná €13,000 inti.
- 4.6 Ar Ordú faoi Alt 2 den Acht um FC a bheith déanta, caithfidh an Biúró, leis an toirmeasc a choimeád i bhfeidhm, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt chéanna, laistigh de lá is fiche (21), ar ordú faoi Alt 3 den Acht céanna. Má éiríonn leis an iarratas sin déanann an Ard-Chúirt Ordú Idirbhreitheach, a chalcann an mhaoin, i ndáiríre, nó go bhfógrófar a mhalairt. Féadfaidh an Chúirt an t-ordú calctha a urscaoileadh nó a éagsúlú uair ar bith ach bheith sásta nach fáltais ó iompar coiriúil an mhaoin ar fad nó cuid de nó ar chúiseanna eile atá leagtha amach sa reachtaíocht.
- 4.7 Féadfar iarratas Alt 3 a dhéanamh fiú nuair nach bhfuil Ordú Alt 2 i bhfeidhm nó nuair nár lorgaíodh a leithéid. Ní dhéantar iarratas ar Ordú faoi Alt 2 ach sa chás go bhfuil údar inní láithreach ann go bhféadfaí maoin a scaipeadh nó i gcásanna eile lena n-áirítear ceapadh glacadóra a bheith de dhíth chun a luach a chaomhnú.
- 4.8 A luaithe is a bhíonn Ordú Alt 2 nó Alt 3 i bhfeidhm tá sé de rogha ag duine ar bith féachaint leis an Ordú Calctha sin (Alt 2(3) nó Alt 3(3) den Acht um FC) a éagsúlú nó a chur i leataobh, más féidir leis an duine sin an Chúirt a shásamh go bhfuil ceart dlíthiúil aige nó aici ar an maoin agus/nó nach fáltais ó iompar coiriúil í an mhaoin ráite.

- 4.9 Faoi Alt 7 den Acht um FC féadfaidh an Chúirt glacadóir a cheapadh le maoin atá caltha cheana féin faoi orduithe Alt 2 nó Alt 3 a chaomhnú nó a dhiúscairt. Fuair an Biúró cúig cinn déag (15) d’Orduithe Glacadóireachta sa bhliain 2010. Ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an Glacadóir a cheap an Chúirt i ngach cás. I gceist sna cásanna sin bhí réadmhaoin, airgead tirim, airgead i gcuntais bhainc agus mótarfheithiclí. I roinnt cásanna glacadóireachta rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh seilbh agus díol ag an nglacadóir. Ní féidir Ordú Glacadóireachta a dhéanamh ach sa chás go bhfuil Ordú Alt 2 nó Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.
- 4.10 Foráiltear in Alt 4 den Acht um FC le haghaidh Orduithe Diúscartha a dhéanamh faoina bhféadann an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh a aistríonn sócmhainní, a calcadh cheana féin faoi Ordú Alt 3, ar feadh seacht mbliana ar a laghad, chuig an Aire Airgeadais nó chuig aon duine eile a chinnfidh an Chúirt.
- 4.11 Foráladh san Acht um Fháiltas ó Choireacht (Leasú) 2005 le haghaidh Ordú Diúscartha aontaithe Alt 4A a fháil trína gceadaítear don Ard-Chúirt ordú cosúil le hOrdú Alt 4 a dhéanamh le haontú, i gcásanna mar a bhfuil Ordú Alt 3 i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach *lú* ná seacht mbliana.
- 4.12 Tionscnaíodh cúig cinn déag (15) de chásanna nua faoin Acht um FC le linn 2010. Trí bhíthin Orduithe Alt 2 a tionscnaíodh ceithre cinn déag (14) de na cásanna sin agus trí bhíthin Ordú Alt 3 a tionscnaíodh ceann amháin (1). Taispeántar líon na nOrduithe a fuarthas faoi Ailt 2, 3(1), 3(3), 4A agus 7 den Acht um FC, agus a luach, i dTábla 3.

Tábla 3: Orduithe a Fuarthas faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht 1996 & 2005

<i>Tuairisc</i>	<i>Líon na nOrduithe</i>	<i>Líon na bhFreagróirí</i>	<i>Méid €</i>	<i>Méid STG £</i>
<i>Orduithe Eatramhacha faoi Alt 2</i>	<i>14</i>	<i>24</i>	<i>7,019,475.88</i>	<i>63,535.00</i>
<i>Orduithe Idirbhreitheacha faoi Alt 3(1)</i>	<i>17</i>	<i>31</i>	<i>4,526,527.72</i>	<i>Nialas</i>
<i>Orduithe Éagsúlachta faoi Alt 3(3)</i>	<i>3</i>	<i>3</i>	<i>23,000.00</i>	<i>Nialas</i>
<i>Orduithe Diúscartha Aontaithe faoi Alt 4A</i>	<i>12</i>	<i>24</i>	<i>2,810,902.52</i>	<i>Nialas</i>
<i>Orduithe Glacadóireachta faoi Alt 7</i>	<i>15</i>	<i>26</i>	<i>2,633,531.25</i>	<i>55,560.00</i>

Áirítear ar roinnt figiúirí suimeanna a tiontaíodh ó airgeadraí eile

4.13 Íocadh €3,114,312.59¹ san iomlán leis an Aire Airgeadais i gcaitheamh na bliana as Bearta FC. Bhain na cistí seo le hOrduithe 4 agus 4A a fuarthas i gcúrsa na bliana agus i mblianta roimhe sin.

CUNTAIS GHLACADÓIREACHTA

4.14 Leagtar amach i dTábla 4 thíos an t-iarmhéid tosaigh amhail ar 1 Eanáir 2010, an ghníomhaíocht i gcaitheamh na bliana agus an t-iarmhéid deiridh amhail ar 31 Nollaig 2010 i gcuntais ghlacadóireachta a choimeádtar ag an mBiúró.

¹ Áirítear air seo ainmníochtaí Steirling agus Dollar a tiontaíodh go Euro.

Tábla 4: Ráiteas ar na Cuntais Ghlacadóireachta

	€	STG £	US\$
<i>Iarmhéid Tosaigh sna Cuntais Ghlacadóireachta 01.01.10</i>	<i>7,885,440.82</i>	<i>838,810.70</i>	<i>791,268.26</i>
<i>Méideanna réadaithe, agus ús agus réamhíocaíochtaí oibriúcháin san áireamh</i>	<i>3,727,982.13</i>	<i>4,740.14</i>	<i>2,092.22</i>
<i>Íocaíochtaí amach, agus íocaíochtaí leis an Aire Airgeadais agus Caiteachas Glacadóireachta Oibriúcháin san áireamh</i>	<i>3,677,942.90</i>	<i>14,755.25</i>	<i>93,900.30</i>
<i>Iarmhéid Dheiridh i gCuntais Ghlacadóireachta 31.12.10</i>	<i>7,935,480.05</i>	<i>828,795.59</i>	<i>699,460.18</i>

BEARTA IONCAIM

4.15 Tá an Biúró cumhachtaithe faoin Acht chun cumhachtaí ábhartha na nAchtanna Cánach a fheidhmiú, nuair is iomchuí, ar fháltais nó ar ghnóthachain a thagann de ghníomhaíocht choiriúil agus de ghníomhaíocht choiriúil amhrasta. Cumasaíonn feidhmiú na gcumhachtaí seo don Bhiúró a théarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh, agus modh éifeachtach is ea é chun sochair nó gnóthachain mar iad a bhaint díobh siúd atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil agus le gníomhaíocht choiriúil amhrasta.

4.16 Úsáideadh forálacha an Acht um Nochtadh Faisnéise chun Críocha Cánach agus Críocha Eile 1996 go fairsing i rith na bliana chun aistriú faisnéise a chumasú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Biúró.

- 4.17 Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais iad siúd atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, nó le gníomhaíocht choiriúil amhrasta, d'fheidhmigh an Biúró forálacha na nAchtanna Cánacha i gcásanna inarbh iomchuí. Tugadh roinnt imscrúduithe chun críche le comhaontú a d'fhoráil le haghaidh íoc cánach, úis agus pionós.
- 4.18 D'ardaigh Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnaithe ar dhuine amháin is tríocha (31) le linn 2010. Tá daoine i dteideal achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc nuair nach n-aontaíonn siad le measúnú. D'agair seisear déag (16) an ceart sin i gcaitheamh na bliana. Dhiúltaigh an Biúró d'iarratais achomhairc i gcás deichniúr (10) díobh seo i ngeall ar fhaillí i gcomhlíonadh fhorálacha ábhartha na nAchtanna Cánacha. D'achomhairc cúigear (5) díobh seo an diúltú chuig na Coimisinéirí Achomhairc. Sheas na Coimisinéirí Achomhairc le breith an Bhiúró an t-achomharc a dhiúltú i ngach ceann de na ceithre (4) chás. Ag 31 Nollaig 2010 bhí cás amháin (1) liostaithe lena chinneadh ag an gCoimisinéir Achomhairc. Gheofar achoimre de thorthaí na n-achomharc a dhiúltaigh an Biúró i dTábla 10.
- 4.19 An 1 Eanáir 2010, bhí cúig (5) chás ag céim na gCoimisinéirí Achomhairc agus i gcaitheamh na bliana ghéill seisear (6) d'fhorálacha ábhartha na nAchtanna Cánach agus d'agair siad go cuí a gceart achomhairc. Chinn na Coimisinéirí Achomhairc na hachomhairc chánach i gceithre (4) chás trí na measúnuithe a rinne an Biúró a dheimhniú agus d'aistarraing beirt (2) a n-achomharc roimh éisteachtaí an Choimisinéara Achomhairc. Ag 31 Nollaig 2010 bhí cúig (5) chás ag céimeanna difriúla den phróiseas achomhairc. Gheofar achoimre de thorthaí na n-achomharc atá ag Céim an Choimisinéara Achomhairc i dTábla 11.
- 4.20 Ag 1 Eanáir 2010 bhí dhá (2) chás Achomhairc ag céim na Cúirte Cuarda agus d'achomhairc ceathrar (4) cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda. Chinn Breitheamh na Cúirte Cuarda an t-achomharc cánach i gcás amháin (1) trí na measúnuithe a rinne an Biúró a dheimhniú. D'aistarraing triúr (3) a n-achomharc chuig Breitheamh na Cúirte Cuarda. Ag 31 Nollaig 2010 bhí dhá (2) chás ag céimeanna difriúla de phróiseas

achomhairc na Cúirte Cuarda. Gheofar achoimre de thorthaí Achomhairc na Cúirte Cuarda i dTábla 12.

- 4.21 Chuir an Biúró na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin sna hAchtanna Cánacha (lena n-áirítear úsáid Orduithe Astaithe) i bhfeidhm in aghaidh sócmhainní airgeadais mainnitheoirí cánach agus thionscain imeachtaí aisghabhála Ard-Chúirte chun na cánacha dlite a fháil.
- 4.22 Sna Táblaí 5 go 12 seo a leanas (agus an dá cheann sin san áireamh) gheofar sonraí bearta a rinne an Biúró, lena n-áirítear an méid cánach a gearradh le measúnú, a éilíodh agus a bailíodh nó a aisghabhadh ar bhealach eile agus cásanna ag céim an Choimisinéara Achomhairc agus na Cúirte Cuarda.

Tábla 5: Cáin a gearradh le measúnú

<i>Tuairisc</i>	<i>€</i>
<i>Cáin Ioncaim</i>	<i>8,676,614</i>
<i>Cáin Bhreisluacha</i>	<i>1,866,252</i>
<i>ÍMAT/ÁSPC</i>	<i>889,545</i>
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúla</i>	<i>95,785</i>
<i>IOMLÁN</i>	<i>11,528,196</i>

Tábla 6: Cáin agus ús a éilíodh

<i>Tuairisc</i>	<i>€</i>
<i>Cáin Ioncaim</i>	<i>19,709,881</i>
<i>Cáin Bhreisluacha</i>	<i>3,871,348</i>
<i>ÍMAT/ÁSPC</i>	<i>4,275,438</i>
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúla</i>	<i>116,958</i>
<i>IOMLÁN</i>	<i>27,973,625</i>

Tábla 7: Cáin agus ús a bailíodh

<i>Tuairisc</i>	<i>€</i>
<i>Cáin Ioncaim</i>	<i>3,591,626</i>
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúla</i>	<i>325,000</i>
<i>Cáin Bhreisluacha</i>	<i>142,090</i>
<i>Dleacht Stampála</i>	<i>4,000</i>
<i>Cáin Chláraithe Feithiclí</i>	<i>21,782</i>
<i>IOMLÁN</i>	<i>4,084,498</i>

Tábla 8: Imeachtaí Ard-Chúirte a tionscnaíodh chun cáin agus ús a aisghabháil

	<i>Líon na gcásanna</i>	<i>€</i>
<i>Iomlán</i>	<i>9</i>	<i>18,705,440</i>

Tábla 9: Cáin agus ús a aisghabhadh le Cumhachtaí Astatithe

	<i>Líon na gcásanna</i>	<i>€</i>
<i>Iomlán</i>	<i>14</i>	<i>471,600</i>

Tábla 10: Toradh ar Achomhairc a dhiúltaigh an Biúró

<i>Tuairisc</i>	<i>Líon na gcásanna</i>
<i>Cásanna idir lámha ag 1/1/2010</i>	<i>-</i>
<i>Achomhairc a dhiúltaigh Cigire sa bhliain 2010</i>	<i>10</i>
<i>Diúltú ó Chigire a achomharcadh chuig an gCoimisinéir Achomhairc</i>	<i>5</i>
<i>Cinntí an Bhiúró ar sheas an Coimisinéir Achomhairc leo</i>	<i>4</i>
<i>Cásanna idir lámha ag 31/12/10</i>	<i>1</i>

Tábla 11: Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

<i>Tuairisc</i>	<i>Líon na gcásanna</i>
<i>Cásanna ag céim an achomhairc ag 01/01/2010</i>	<i>5</i>
<i>Achomhairc a agraíodh go cúí sa bhliain 2010</i>	<i>6</i>
<i>Achomhairc a chinn an Coimisinéir Achomhairc</i>	<i>4</i>
<i>Achomhairc a aistarraingíodh</i>	<i>2</i>
<i>Cásanna ag céim an achomhairc ag 31/12/2010</i>	<i>5</i>

Tábla 12: Toradh ar Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda

<i>Tuairisc</i>	<i>Líon na gcásanna</i>
<i>Cásanna idir lámha ag 01/01/2010</i>	<i>2</i>
<i>Cinneadh ón gCoimisinéir Achomhairc a achomharcadh go dtí an Chúirt Chuarda</i>	<i>4</i>
<i>Achomharc a chinn Breitheamh na Cúirte Cuarda</i>	<i>1</i>
<i>Achomhairc a aistarraingíodh</i>	<i>3</i>
<i>Cásanna idir lámha ag 31/12/2010</i>	<i>2</i>

BEARTA LEASA SHÓISIALAIGH

4.23 Déanann an Bhiúro bearta chomh maith faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh i dtaca le daoine atá bainteach le hiompar coiriúil. Ag éirí as imscrúduithe a rinne Oifigigh de chuid an Bhiúro, rinneadh bearta de bhun théarmaí tagartha Leasa Shóisialaigh an Bhiúro in aghaidh cúigear is ochtó (85). Cuireadh deireadh le roinnt íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh agus laghdaíodh cinn eile, as a spáráil an Stáichiste airgead mar atá leagtha amach i dTábla 13 thíos.

Tábla 13: Spáráil Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime

<i>Cineál na Scéime</i>	<i>€</i>
<i>Liúntas Cuardaitheora Poist</i>	<i>69,128.80</i>
<i>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora</i>	<i>214,676.20</i>
<i>Liúntas Míchumais</i>	<i>79,968.00</i>
<i>Liúntas an Chúramóra</i>	<i>182,301.20</i>
<i>Pinsean Stáit Ranníocach</i>	<i>28,056.00</i>
<i>Pinsean Stáit Neamhranníocach</i>	<i>59,568.00</i>
<i>Iomlán</i>	<i>633,698.20</i>

4.24 Taisceadh sé achomharc déag (16) leis an bPríomh-Oifigeach Achomhairc i gcoinne cinní a rinne Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúro. Dheimhnigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc go raibh an gnáthnós imeachta achomhairc neamhdhóthanach chun na hachomhairc seo a phróiseáil go héifeachtach agus d'ordaigh sé go gcuirfeadh na hachomharcóirí a n-achomharc faoi

bhráid na Cúirte Sibhialta Cuarda. Aistarraingíodh trí (3) achomharc, ní dheachaigh ochtar (8) achomharcóir ar aghaidh leis an achomharc – níor taisceadh iad sa Chúirt Chuarda mar a d’ordaigh an Príomhoifigeach Achomhairc – agus bhí cúig cinn (5) idir lámha amhail ar an 31 Nollaig 2010.

4.25 De na seacht (7) gcás achomhairc a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2009 agus den dá (2) chás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2008, éisteadh trí (3) cinn díobh os comhair na Cúirte Cuarda Sibhialta agus seasadh leis na cinntí a rinne Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró. Aistarraingíodh cás amháin (1) cás ar lá na héisteachta. Ní dheachaigh na hachomharcóirí sna ceithre (4) chás eile ar aghaidh go dtí an Chúirt agus meastar go bhfuil a n-achomharc siúd dúnta. I gcás amháin (1) ní raibh aon chinneadh tugtha amhail ar an 31 Nollaig 2010.

4.26 D’aithin an Biúró ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh de thoradh imscrúduithe dá gcuid agus measúnaíodh iad. Tá na sonraí sin leagtha amach i dTábla 14 thíos.

Tábla 14: Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime

<i>Cineál na Scéime</i>	<i>€</i>
<i>Liúntas Cuardaitheora Poist</i>	<i>772,623.66</i>
<i>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora</i>	<i>341,137.71</i>
<i>Liúntas Míchumais</i>	<i>292,682.31</i>
<i>Liúntas an Chúramóra</i>	<i>209,714.35</i>
<i>Pinsean Stáit Ranníocach</i>	<i>55,905.70</i>
<i>Pinsean Stáit Neamhranníocach</i>	<i>93,140.00</i>
<i>Iomlán</i>	<i>1,765,203.7</i>
	<i>3</i>

- 4.27 Aisghabhadh airgead mar a thaispeántar i dTábla 15 thíos i bhfoirm aisíocaíochtaí, tráthchodanna agus asbhaintí ó theidlíochtaí reatha.

Tábla 15: Aisghabháil airgid Leasa Shóisialaigh de réir chineál na scéime

<i>Cineál na Scéime</i>	<i>€</i>
<i>Liúntas Cuardaitheora Poist</i>	<i>84,078.00</i>
<i>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora</i>	<i>38,025.00</i>
<i>Liúntas Míchumais</i>	<i>2,920.00</i>
<i>Liúntas an Chúramóra</i>	<i>3,380.00</i>
<i>Pinsean Stáit Ranníocach</i>	<i>50,000.00</i>
<i>Pinsean Stáit Neamhranníocach</i>	<i>2,869.00</i>
<i>Iomlán</i>	<i>181,272.00</i>

- 4.28 In dhá (2) chás, tionscnaíodh imeachtaí Toghairme Achomair chun méideanna ró-íochta a aisghabháil.

IMSCRÚDUITHE EILE

- 4.29 Ag éirí as imscrúduithe a rinne an Biúró de bhun a théarmaí tagartha reachtúla, tháinig fianaise chun solais mar gheall ar shárúithe amhrasta de chionta coiriúla agus dá thoradh sin gabhadh roinnt daoine agus ullmhaíodh comhaid ag lorg orduithe ó Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (ar a dtugtar an DPP anseo feasta) agus rinneadh roinnt ionchúiseamh coiriúil dá mbarr.
- 4.30 Gabhadh beirt (2) as cionta amhrasta ioncaim a bhí contrártha d'Alt 1078 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997 agus tá comhaid á n-ullmhú i láthair na huairé lena gcur ar aghaidh go dtí an DPP. In ionchúiseamh eile as sárú ar Alt 1078 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997, a tionscnaíodh sa bhliain 2009, phléadáil an cosantóir ciontach agus bhí sé ag feitheamh ar phianbhreith amhail ar 31 Nollaig 2010.

- 4.31 Gabhadh beirt (2) maidir le sáruithe amhrasta den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 agus sáruithe amhrasta den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 maidir le héilimh chalaoiseacha amhrasta ar leas sóisialach. Maidir leo sin, cuireadh comhad amháin (1) ar aghaidh chuig an DPP agus bhí an dara comhad á ullmhú amhail ag an 31 Nollaig 2010 le cur aghaidh chuig an DPP.
- 4.32 In imscrúdú eile, cuireadh duine faoi agallamh maidir le héilimh chalaoiseacha shubstaintiúla a bhí déanta aige ar leas sóisialach le roinnt blianta. Cuireadh comhad ar aghaidh chuig an DPP a d'ordaigh ocht gcúiseamh is daichead (48) in aghaidh fhorálacha an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 agus an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Cuirfear tús leis an ionchúiseamh sa bhliain 2011.
- 4.33 Gabhadh ceathrar (4) ar amhras go ndearna siad cionta sciúrtha airgid in aghaidh fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoirí) 2010. Maidir leis na daoine sin, tá dhá (2) chomhad á n-ullmhú i láthair na huaire le cur ar aghaidh chuig an DPP. Maidir leis an mbeirt (2) eile, níor leor an méid fianaise a cruinníodh chun ionchúiseamh coiriúil a shuí. Sna cásanna sin, rinneadh beart cuí faoin Acht um FC in aghaidh sócmhainní áirithe a bhí faoi úinéireacht acu.
- 4.34 I gcaitheamh na bliana, d'ordaigh an DPP seisear (6) a chúiseamh i gcionta contrártha d'Alt 1(2) den Public Bodies Corrupt Practices Act 1889, arna leasú ag Alt 4 (2) den Prevention of Corruption Act 1916 agus Alt 38 den Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995. Tionscnaíodh ionchúiseamh in aghaidh na ndaoine sin agus socraíodh dáta na trialach sa Chúirt Choiriúil Chuarda sa bhliain 2011. Tuairiscíodh ar an imscrúdú i dtrácht i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2009.

- 4.35 Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2009, cúisíodh duine amháin (1) in dhá (2) cheann de shárúithe ar Alt 13 (1) den Acht, arna leasú, maidir le hOifigeach Leasa Shóisialaigh den Bhiúró agus Oifigeach Ioncaim den bhiúró a imeaglú agus bagairt orthu. Tháinig an duine cúisithe os comhair na Cúirte Dúiche i Márta 2010 agus phléadáil sé ciontach sa dá (2) chúiseamh agus gearradh fineáil de €1,000 air i gcás gach cúisimh díobh.
- 4.36 I dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2009 thuairiscigh an Biúró ar chomhad a cuireadh ar aghaidh go dtí an DPP sa bhliain 2008 de thoradh Oibríocht Tie, ar imscrúdú ar mhírialtachtaí VRT a bhí ann. Cúisíodh ceathrar (4) agus cuireadh iad ar aghaidh go dtí an Chúirt Choiriúil Chuarda lena dtrial. Lorg duine amháin (1) díobh Athbhreithniú Breithiúnach ar na himeachtaí ach aistarraingíodh an tAthbhreithniú Breithiúnach sin sa bhliain 2010 agus tá an cás liostaithe anois lena éisteacht sa bhliain 2011.

Caibidil 5

5. DLÍTHÍOCHT AGUS CÁS DLÍ

Bliain an-ghnóthach eile ab ea í seo don Bhiúró i dtaca le cúrsaí dlíthíochta de.

AN TACHT UM FHÁLTAIS Ó CHOIREACHT

5.1 Tionscnaíodh cúig cinn déag (15) d'iarratais nua um fháltais ó choireacht, a raibh beirt fhreagróirí is fiche (22) bainteach leo, agus ar ghá corpas shuntasach fianaise a chomhghaolú agus a chur i láthair i dtaca le trí (3) cinn díobh. Fuarthas Orduithe Idirbhreitheacha i gceithre cinn déag (14) de chásanna, agus cuireadh dhá chás déag (12) de lámh faoi Alt 4 den Acht um FC, as ar aistríodh suim ba mhó ná €3 mhilliún go dtí an tAire Airgeadais. Baineadh úsáid shuntasach, leis, as an gcumhacht chun glacadóir a cheapadh agus rinneadh cúig cinn déag (15) d'orduithe dá shórt i gcúrsa na bliana.

IONCAM

5.2 Eisíodh imeachtaí Toghairme Achomair maidir le cáin dhlite agus cáin amuigh a bhailiú i ndeich (10) gcinn de chásanna.

BREITHIÚNAIS SHUNTASACHA

5.3 CAB v Barry O'Brien and Majella O'Brien

Breithiúnas an Bhreithimh Feeney arna seachadadh an 12 Eanáir 2010

D'áitigh an Dara Freagróir Ainmnithe, bean an Chéad Fhreagróra Ainmnithe, go gcuirfí isteach ar fheidhmiú a cearta arna n-aithint faoi Airteagal 8(1) de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine dá ndéanfaí Ordú Idirbhreitheach maidir le teach an teaghlaigh. Ceanglaíonn an t-airteagal sin ar údaráis náisiúnta meas a léiriú ar shaol príobháideach agus ar shaol teaghlaigh an duine, ar a bhaile nó a baile agus ar a chomhfhreagras nó a

comhfhreagras, ach sa chás nach cuí chun leas na sochaí daonlathaí. Áitíodh, leis, go mbeadh sé riachtanach don Bhiúró a léiriú go raibh gá lena leithéid d'ordú. Ní dhearnadh aon chás gur rannchuidigh Mrs O'Brien le ceannach nó le maoiniú theach an teaghlaigh as cistí a bhain léi féin amháin agus nárbh fháltais ó choireacht iad.

Ba é tuairim dheireanach na Cúirte:

1. Ní dhéanann an tAcht um FC aon idirdhealú maidir le réadmhaoin ar teach an teaghlaigh í.
2. Thóg sí dá haire an sliocht seo a leanas as breithiúnas an Bhreithimh Keane, in *Murphy v. G.M. and Others* [2001] 4IR. “Is léir go gcaithfidh an Chúirt a bheith íogair d’aon cheart iarbhír i réadmhaoin a d’fhéadfaí a shainaitheant, nó d’aon cheart eile a d’fhéadfadh a bheith aitheanta. Ach i bprionsabail, is léir nach bhfuil aon chasaid bhunreachtúil ann má fhágtar duine gan úsáid réadmhaoine a fuarthas ó fháltais ó choireacht.”
3. Is léir go gcaithfidh an Ard-Chúirt cothromú a dhéanamh agus breithniú á dhéanamh aige cibé an mbeadh baol mór éagóra ann dá ndéanfaí Ordú Idirbhreitheach. Ní mór di a bhreithniú i bhfírinne cibé an mbeadh sé comhréireach ordú a dhéanamh nuair a chuirtear san áireamh tosca iomlána na bhFreagróirí agus aon pháirtí eile a mhaíonn go bhféadfadh éagóir a bheith ann i gcomparáid leis an gcuspóir atá ceaptha agus sainaitheanta san Acht um FC, intinn reachtach an Achta um FC, mar a thabharfaí air.
4. Ag smaoineamh ar intinn reachtach an Achta um FC 1996 arb é réadmhaoin a thógáil, réadmhaoin a cruthaíodh ar chothrom na dóchúlachta gur fáltais ó choireacht í, níl aon cheist ann ach gur aidhm dhlisteanach í an intinn sin agus go dtagann sí faoi chuimsiú fhorálacha Airteagal 8(2) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar fhoráil atá riachtanach i sochaí dhaonlathach.

5. Tá an Chúirt sásta nach iarratas míchuí é iarratas ar Ordú Idirbhreitheach maidir le teach an teaghlaigh agus trí ordú mar sin a lorg tá an tIarratasóir ag feidhmiú a fheidhme ar shlí a luíonn le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003. Níl an tIarratasóir ag gníomhú ar shlí ultra vires ach tá sé ag gníomhú de réir intinn reachtach an Achta um FC.
6. Ní féidir a rá go bhfuil sé in astú don réadmhaoin ná go dtugann sé ceart don Dara Freagróir ainmnithe ar an réadmhaoin ná ceart chun fanacht ann gur chaith sí formhór a hÍocaíochtaí leasa shóisialaigh ar chothabháil a teaghlaigh.

Rinne an Chúirt ordú de bhun Ailt 3 agus 7 maidir le gach réadmhaoin sa sceideal. Tá bac i bhfeidhm i láthair na huairé ar orduithe dá sórt ar feitheamh ar achomharc.

5.4 *CAB v MAC Aviation and Others: Feeney J. 22 Márta 2010*

Déanfar iarratais ar Ordú Eatramhach faoin Acht um FC i gcúirt iata agus féadfar aon imeachtaí eile, má mheasann an Chúirt é a bheith cuí, a chloisteáil ar shlí nach slí phoiblí é.

Rinne an freagróir aighneachtaí gur cheart iarratas an Bhiúró ar Ordú Idirbhreitheach a chloisteáil i seomra iata. Níor mhór don Chúirt breithniú a dhéanamh ar na paraiméadair dhlíthiúla trína ndéanfaí iarratas den sórt sin a bhreithniú, go háirithe an tslí leis na focail "más dóigh leis an gCúirt gur chuí" a léirmhíniú. Ba é tuairim dheiridh na Cúirte:

1. Is cuí don Chúirt an t-iarratas féin a chloisteáil i seomra iata toisc go bhféadfaí an tsaincheist a réamhchinneadh dá ndéanfaí a mhalairt.
2. Agus breithniú á dhéanamh ar cad atá cuí agus cad nach bhfuil, ní mór don Chúirt an t-ábhar a bhreithniú faoi chuimsiú chreatlach an Bhunreachta agus lena chois sin, faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin um

Chearta an Duine maidir leis an riachtanas chun ceartas a bheith á riar go poiblí.

3. Tá an Chúirt sásta nach n-éilíonn scrúdú cuí go gcruthófaí cúinsí eisceachtúla ach ní mór cúiseanna fírinneacha agus inbhraite a bheith ann le go bhfeidhmeodh an Chúirt a lánrogha.
4. Is é príomhaidhm na Cúirte féachaint chuige go gcuirtear ceartas i ngníomh agus ní bhíonn sé de rogha ag na Cúirteanna cásanna a chloisteáil ar shlí ar bith ach amháin os comhair an phobail ach amháin nuair a chiallódh an pobal a bheith i láthair nó eolas a bheith agie ar na himeachtaí nach gcomhlíonfaí an aidhm sin.

Ba é tuairim dheiridh na Cúirte i bhfianaise na poiblíochta a bhí ann cheana féin agus toisc nach bhfuil aon trádáil laistigh den dlínse seo, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon trádáil ghnó le cosaint sa dlínse seo, agus toisc na hainmneacha bréagacha a úsáideadh i dtaifid ghnó an Chéad Fhreagróra Ainmnithe agus in éagmais aon imeachtaí coiriúla laistigh den dlínse seo, go bhfuil sí sásta gur theip ar an bhFreagróir aon bhonn a shuí a thacódh le héileamh go mbeadh sé míchuí don Chúirt seo an éisteacht idirbhreitheach a thionól in áit ar bith seachas os comhair an phobail.

5.5 ***CAB v M & Others: Breithiúnas Feeney J. 20^ú Eanáir 2010***

I mbreithiúnas comhchosúil, agus iarratas faoi Alt 8(4) den Acht um FC á bhreithniú, chuir an Chúirt toirmeasc le foilsíú ainmneacha na bhFreagróirí ar an mbonn go bhféadfaí a mbeatha a chur i mbaol dá ndéanfaí amhlaidh. D'éirigh le hiarratas a rinne na Freagróirí roimhe sin ar iriseoir agus foilsitheoir a bheith luaite i ndíspeagadh as ordú roimhe sin a shárú, nuair a foilsíodh ábhar a bhain le himeachtaí idirbhreitheacha.

5.6 **CEIST FOILSITHE**

Tá dul amú ar dhaoine áirithe a cheapann gur i seomra iata a chloistear gach cás a bhaineann le gnóthaí an Bhiúró. D'fhéadfadh sé go mbeidh sé riachtanach féachaint arís ar an gcleachtas trína ndéanann Cláráitheoirí Cúirte

cásanna a lua de réir a gceannlitreacha, seachas a n-ainmneacha, tar éis an bhreithiúnais in MAC Aviation. Scríobh Príomh-Oifigeach an Bhiúró chuig an Ard-Chláráitheoir mar gheall ar an ábhar ag moladh go ndéanfaí cásanna a liostú de réir ainm ag céim áirithe de na himeachtaí ach amháin má tá ordú déanta ag an gCúirt a deir go gcaithfear an cás a chloisteáil i seomra iata. Ba cheart tús litreacha a úsáid i gcás na chéad éisteachtaí chun go mbeidh an ceart i gcónaí ag na freagróirí iarratas a dhéanamh lena bhreithniú ag an gCúirt. Aontaíonn an tArd-Chláráitheoir leis an bprionsabal sin agus tá nós imeachta á cheapadh aige chun a théarmaí a chur i ngníomh.

5.7 *CAB v McC. and M: Feeney J. 19^ú Iúil 2010*

Lorg an Biúró Ordú Idirbhreitheach maidir le réadmhaoine, cuntais infheistíochta agus cuntais bhainc a bhí ag cuideachta forbartha réadmhaoine Freagróra agus a stiúrthóirí. Ba é an fhianaise a chuir an Biúró i láthair ná gur fáltais ó choireacht a bhí sa síolchaipiteal lenar bunaíodh an chuideachta réadmhaoine agus lenar maoiníodh gach idirghníomhaíocht réadmhaoine ina dhiaidh sin. Léirigh an fhianaise, leis, gur úsáideadh cistí ar shlí neamhthrédhearcach chun an tairbhí iarbhír a cheilt agus go raibh scéim i bhfeidhm chun cistí a leagan anuas ar a chéile lena bhfíorfhoinse a cheilt.

Bhí an Chúirt sásta a admháil gur leor an úsáid a baineadh as an bhfocal “go hindíreach” laistigh d'fhorálacha Alt 2 agus 3 den Acht um FC le hordú a chur á dhéanamh maidir le haon sochar nó aon bhrabús mar a bhféadfaí a thaispeáint gur gineadh an síolchaipiteal ó fháltais ó choireacht. Sa chás seo bhí na cistí a ndearnadh an t-ordú ina dtaobh i bhfad níos airde ná an sochar ón mbeart coiriúil bunaidh. Bhí an Chúirt sásta a admháil go mbeadh an brabús féin, beag beann ar a luach, faoi réir an Achta um FC i gcás inar fháltais ó choireacht síol an bhrabúis shuntasáigh.

CÁSANNA SUNTASACHA LEANÚNACHA A BHREITHNIGH AN CHÚIRT

5.8 *CAB v John, Geraldine, Tracy and Darren Gilligan and Others*

Rinne gach duine den cheathrar Freagróir iarratas de bhun Alt 3(3) den Acht um FC ar gach sócmhainn chalctha a bheith tugtha ar ais dóibh. In iarratas dá shórt is ar na freagróirí atá an t-ualach a chruthú, ar an bhfianaise, nach fáltais ó choireacht an réadmhaoin is ábhar don Ordú Idirbheitheach. Tá sé sin ar aon dul le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí a seachadadh sa chás seo i mí Dheireadh Fómhair 2008. Cloiseadh an t-iarratas i dtréimhse chúig seachtaine le linn mhíonna an Mheithimh agus Iúil 2010. Tugadh fianaise ar son na gceithre Fhreagróir agus thug siad féin fianaise ar a son féin, agus croscheistíodh cuid d'fhinnéithe an Bhiúro a raibh mionnscribhinní tugtha acu. Ar deireadh, faoi réir eisceacht amháin, díbheadh a n-iarratais go luath sa bhliain 2011 i mbreithiúnas a thuairisceofar sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile. Tá i gceist ag an mBiúro anois Ordú Diúscartha a lorg chun na sócmhainní a aistriú go dtí an tAire Airgeadais.

5.9 *McKenna v Jackson Way Properties Limited*

Seo é an chéad iarratas a rinne an Biúro faoi bhun Alt 16(B) den Acht um FC 1996 arna leasú. Go gairid i ndiaidh thús na héisteachta d'ordaigh an DPP Stiúrthóir den chuideachta sin, mar aon le hiar-chomhairleoirí áirithe, a bheith cúisithe i gcionta caimiléireachta. Ghéill an Ard-Chúirt, gan aon chur i gcoinne ón mBiúro, d'iarratas a rinne an Stiúrthóir sin ar an éisteacht a bheith curtha ar athló, ar an mbonn go mbainfeadh sé an bonn dá chumas chun na cúisimh choiriúla a cuireadh ina leith a chosaint. Atosófar an t-ábhar seo nuair a bheidh cinneadh déanta sna himeachtaí coiriúla.

COMHAR LEIS AN DPP

5.10 *DPP v Wharrie and Others; ciontú faoin Acht um Mí-úsáid Drugaí 1977 (arna leasú)*

Bhí Príomh-Oifigeach an Bhiúró ceaptha ina ghlacadóir, ar iarratas an DPP, ar na hionstraimeachtaí a úsáideadh chun an cion thuas a dhéanamh. Ghlac an glacadóir seilbh ar gach ionstraimeacht díobh, lena n-áirítear dhá bhád dhochta inséidte, trí cinn de mhótarfheithiclí easbhóthair agus soitheach seoil catamaráin suite sa Spáinn. Le cúnamh ordú ón ngiúistís ionchúisimh sa Spáinn maidir leis an mbád seoil, díoladh gach mír dá leithéid i gceant poiblí as a bhfuarthas an tsuim €100,000. Urscaoileadh gach costas a bhain leis an nglacadóireacht, mar aon leis na táillí a bhí amuigh maidir le stóráil na bhfeithiclí agus feistiú an bháid seoil, agus tá €73,488.26 á choimeád chun sochair an Stáit ar feitheamh ar chinneadh an achomhairc sa Chúirt um Achomharc Coiriúil.

5.11 **CÚLÚ EACNAMAÍOCH**

Toisc an cúlú suntasach i luach réadmhaoine, fuair an glacadóir go raibh seilbh aige ar réadmhaoín agus é faoi ordú na Cúirte chun an réadmhaoín sin a dhíol ach nach nglanfaí na morgáistí a bhí amuigh leis an méid a gheofaí ar an réadmhaoín. Bhain an fhoráil sin le hocht (8) réadmhaoín as trí cinn déag (13) san iomlán atá díolta nó atá á ndíol. Rinneadh gach díolachán i gcomhairle leis na bainc nó na hinstiúidí airgeadais i dtrácht, agus lena gcomhaontú iomlán, agus d'fhaomhaigh an Ard-Chúirt an praghas díola. Baineadh úsáid as gach fáltas ó na díolacháin sin, lúide costas na glacadóireachta, chun an morgáiste a urscaoileadh go páirteach.

Cé nach bhfaigheann an Biúró aon tairbhe nó brabús is fiú ó bhearta dá shórt, cabhraíonn siad chun dul chun cinn a dhéanamh sa chuspóir sáraitheach, is é sin aon leas a bheadh ag coirpeach ar bith i bhfáltais a iompar nó a hiompar coiriúil a bhaint de nó di. Cinntíonn sé sin nach bhfaighfear aon tairbhe as aon fheabhas sa mhargadh réadmhaoine ina dhiaidh seo.

5.12 **ATHBHREITHNIÚ AR AN REACHTAÍOCHT**

Tar éis aighneachtaí eile a dhéanamh chuig an Ard-Aighne agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta araon, bunaíodh coiste sa Roinn sin chun féachaint ar a éifeachtaí atá an reachtaíocht a úsáideann an Biúró agus cibé ar cheart Bille ina mbeadh leasuithe molta a chur faoi bhráid na Dála. Bhí cruinnithe éagsúla ag an gcoiste sin. Toisc an líon mór fasach dlí a leagadh síos sna Cúirteanna nuair a bhí reachtaíocht á breithniú, admhaíodh nár mhór anailís ghrinn a dhéanamh ar na breithiúnais ar fad. Sannadh an cúram sin do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró agus tá an anailís tugtha chun críche. Nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh bhí aighneachtaí an Phríomh-Oifigigh curtha ar aghaidh go dtí an Roinn, bhí anailís déanta ag an gcoiste orthu agus bhí roinnt moltaí á n-ullmhú le cur ar aghaidh chuig an Aire Cirt agus Dlí, Comhionannais agus Cosanta dá bhreithniú.

CAIBIDIL 6

6. FORBAIRTÍ IDIRNÁISIÚNTA

- 6.1 Chuir an Biúró fáilte roimh thoscairí agus roimh ghrúpaí oibre ó na tíortha seo a leanas le linn 2010: Meiriceá, an Chróit, Montainéagró, an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.
- 6.2 Lena chois sin, d'fhreastail Oifigigh de chuid an Bhiúró ar chomhdhálacha idirnáisiúnta sna tíortha seo a leanas: an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia, Monteanagró, an Ísiltír, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe agus rinne siad cur i láthair ag na comhdhálacha sin.
- 6.3 Bhí saineolas á fhorbairt i gcónaí ag baill d'Aonad Anailíse an Bhiúró i gCuntasáocht Fhóiréinseach, i bFóiréinsic Ríomhairí agus in Anailís ar Choireacht Airgeadais agus chuige sin d'fhreastail baill den Bhiúró ar chúrsaí idirnáisiúnta oiliúna, ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir.
- 6.4 Lean an Biúró sa bhliain 2010 de bheith ag feidhmiú mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe Phoblacht na hÉireann, maidir le deileáil le hiarratais ar fhaisnéis agus ar chomhar chun sócmhainní atá nasctha le hiompar coiriúil agus a fuarthas laistigh den AE a shainaithint agus a urghabháil. Seacht gcinn is fiche (27) d'Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní atá bunaithe anois in dhá cheann is fiche (22) de Bhallstáit. D'fhreastail ionadaithe de chuid an Bhiúró ar dhá cheann (2) de chruinnithe Ardán ARO sa Bhruiséil. Baineann an Biúró úsáid i gcónaí as an ARO i mBallstáit chun dul chun cinn a dhéanamh ina imscrúduithe féin.

6.5 Bhí baill den Bhord rannpháirteach i misin saineolaithe go dtí an Bhulgáir, an Laitvia agus an tSlóivéin mar chuid de Thionscnamh Aonad Europol um Choireanna Airgeadais agus Réadmhaoine (EFCPU). Díríonn an tionscnamh seo ar thacaíocht a sholáthar do Bhallstáit i bhfoirm chúnaimh chun a ARO féin a bhunú.

6.6 I mí na Nollag 2010 bhí an Biúró mar aon le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála rannpháirteach i gcruinniú neamhniata idir-rialtasach de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Pointí Fócais um Aisghabháil Sócmhainní agus i gcruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre um Aisghabháil Sócmhainní i Vín i dtaobh calaois a chosc agus sócmhainní a aisghabháil.

6.7 **Camden Assets Recovery Inter-agency Network (CARIN)**

Bhí an Biúró bainteach i gcónaí le Camden Assets Recovery Inter-agency Network (CARIN) agus d'fhreastail baill den Bhiúró ar an gComhdháil Bhliantúil i bPrág i mí Mheán Fómhair 2010. Dhírigh an Chomhdháil ar chumarsáid agus ar chomhar idir na gníomhaireachtaí ar fad atá bainteach le rianú agus coigistiú sócmhainní agus ar oiliúint d'imscrúdaitheoirí. Topaicí tábhachtacha a clúdaíodh ag an gComhdháil ná bunachar sonraí a bhunú ar fud an AE d'Orduithe Coigistithe amuigh a bhaineann le sócmhainní, Clár Lárnach de Chuntais Bhainc a bhunú agus cearta íospartach chun sócmhainní a aisghabháil. Ainmníodh an Biúró ar Ghrúpa Stiúrtha CARIN sa bhliain 2010 thar ceann na hÉireann agus glacfar leis an bpost sin sa bhliain 2011.

COMHAIR LEIS NA HÚDARÁIS SA RÍOCHT AONTAITHE

6.8 I gcaitheamh 2009 d'oibrigh an Biúró i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht um Mórchoireacht Eagraithe (SOCA) sa Ríocht Aontaithe. Maidir leis sin, bhí cruinnithe ag an mBiúró ar ócáidí éagsúla le foireann SOCA chun roinnt cásanna comhthreomhara a phlé i dteannta a chéile mar aon le himscrúduithe a mbeadh spéis ag an dá ghníomhaireacht iontu.

6.9 **Grúpa Forfheidhmithe Breosla Trasteorann**

Bhí foireann an Bhiúró rannpháirteach i gcónaí sa Ghrúpa Forfheidhmithe Breosla Trasteorann agus d'fhreastail siad ar chruinnithe rialta. Dhírigh an Biúró, mar aon le SOCA, an HMRC agus an PSNI, a aird i gcónaí ar ghníomhaíochtaí daoine aonair a measadh a bhí bainteach le smuigleáil breosla agus sciúradh airgid agus rinneadh roinnt beart de bhun théarmaí tagartha an Bhiúró sa réimse sin. Dá thoradh sin, rinneadh measúnaithe substaintiúla ioncaim a sheirbheáil ar dhaoine aonair a oibríonn ar bhonn trasteorann, daoine a d'aithin an Grúpa Oibre.

6.10 **Bunú an Ghrúpa Forfheidhmithe Trasteorann um Chalaóis Tobac**

Bunaíodh an Grúpa Forfheidhmithe Trasteorann um Chalaóis Tobac sa bhliain 2010. Ar áireamh sa Ghrúpa Forfheidhmithe Trasteorann um Chalaóis Tobac tá ionadaithe ón mBiúró, ón nGarda Síochána, ón tSeirbhís Custaim, ón PSNI, ó SOCA, ón HMRC agus ó Ghníomhaireacht Thrasteorann an RA. Dhírigh an grúpa ar Ghrúpaí Coireachta Eagraithe atá bainteach le smuigleáil toitíní agus tobac trasna na teorann. Dá thoradh sin, rinneadh roinnt imscrúduithe agus tionscnaíodh imeachtaí in aghaidh daoine a shíltear atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil.

6.11 Bhí an Biúró rannpháirteach, leis, sa Seimineár Comhair Trasteorann um Choireacht Eagraithe a tionóladh i mBéal Feirste, Tuaisceart Éireann, arbh é a chuspóir treochtaí nua coireachta a shainathint agus réimsí comhair a aontú idir údaráis fhorfheidhmiúcháin dlí ar dhá thaobh na teorann. Leagadh béim ar réimsí áirithe nár mhór díriú orthu, lena n-áirítear smuigleáil tobac, smuigleáil breosla agus siopaí siabhráin.

Caibidil 7

7. CLABHSÚR

- 7.1 Léirigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla arís sa bhliain 2010 a éifeachtaí atá an cur chuige ilghníomhaireachta, ildisciplíne agus comhpháirtíochta i leith díriú ar fháltais ó iompar coiriúil. Le linn 2010 lean an Biúró de bheith ag comhlíonadh a théarmaí tagartha reachtúla trí imscrúduithe a dhéanamh ar fháltais amhrasta ó iompar coiriúil agus gach foráil reachtaíochta atá ar fáil maidir le fáltais ó choireacht mar aon le reachtaíocht ioncaim agus leasa shóisialaigh a chur chun feidhme.
- 7.2 Tá an Biúró ag obair i gconaí le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta imscrúdaithe coireachta; tá éirithe leis díriú ar fháltais ó choiriúlacht eachtrach agus ar fháltais ó iompar coiriúil a aistríodh thar lear, agus tá caidreamh á fhorbairt i gcónaí le Interpol, le Europol agus le CARIN. Is é an Biúró, mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní in Éirinn, a ionadaíonn Éire ag clár na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní laistigh den Aontas Eorpach.
- 7.3 Tá údar inní tugtha dá aire ag an mBiúró ó dhlínsí áirithe maidir le haithint orduithe ó thíortha a bhfuil foráil reachtúil acu ar cosúil í le foráil na hÉireann, is é sin “réimeas urghéillte nach bhfuil bunaithe ar chiontú”, i bhfeidhm iontu. Chun díriú ar chuid den údar inní a cuireadh in iúl, bhí an Biúró rannpháirteach in dhá (2) cheann de chomhdhálacha idirnáisiúnta ar leith, a rinne anailís chomparáideach idir tuairim dheiridh na Cúirte Uachtaraí gur acht bunreachtúil é an tAcht um FC agus cearta a d’fhabhródh faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta an Duine. Tacaíonn an Biúró i gcónaí le comhlachtaí riaracháin Eorpacha lena mbaineann agus leis an gCoimisiún Eorpach, go háirithe, ag féachaint le haitheantas a fháil d’orduithe nach bhfuil bunaithe ar chiontuithe i gcásanna iomchuí i measc na mBallstát. Is é príomhaidhm na straitéise sin pointe a shroicheadh ag a ndéanfadh Ballstáit nach mian leo féin réimeas urghéillte nach bhfuil bunaithe ar chiontú a ghlacadh a admháil ar a laghad gur orduithe

dlisteanacha iad na horduithe sin de réir fhorálacha Chearta an Duine agus go n-aithneofaí dá réir sin imscrúduithe a dhéanfaí faoin réimeas sin.

- 7.4 Formhuiníodh i mBreithiúnas Feeney J. in Criminal Assets Bureau v MAC Aviation and Others an cur chuige a mholann an Biúró maidir le cásanna a chloistear ar bhealaí nach bealaí poiblí iad. Is é seasamh an Bhiúró gurb iad na Cúirteanna a chinneann nithe den chineál seo a bhfuil tábhacht phoiblí leo. Athdhearbhaíonn an Breithiúnas dá dtagraítear seasamh reachtúil an Bhiúró gur cheart a imeachtaí sa Chúirt a bheith déanta os comhair an phobail ach amháin i gcásanna eisceachtúla mar a bhfuil baol ann gur diúltú ceartais a bheadh ina leithéid. Maidir leis sin, féadfar comparáid a dhéanamh le próiseas na trialach coiriúla, próiseas a spreagann a nádúr poiblí muinín an phobail, ach próiseas inar díspreagadh é an nádúr poiblí sin, leis.
- 7.5 Tar éis tuairiscí ón mBiúró chuig an Ard-Aighne agus chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta araon, maidir le gach reachtaíocht lena mbaineann a bheith á chur i ngníomh go héifeachtach, bhunaigh an tAire coiste laistigh dá Roinn chun anailís a dhéanamh ar an ábhar seo féachaint cibé an bhfuil gá le leasuithe reachtúla agus má chinntear go bhfuil chun dréacht-cheannmhíreanna Bille a réiteach lena mbreithniú ag an Ard-Aighne. Chun cuidiú le breithniú an choiste sin, rinne an Biúró anailís chuimsitheach ar an fhasach breithiúnach faoi mar a bhain sé le reachtaíocht agus cuireadh faoi bhráid an choiste í, as a lean moltaí atá á mbreithniú le cur ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta.
- 7.6 D'ainneoin an choir chun donais sa gheilleagar agus an laghdú atá tagtha ar luach sócmhainní coiriúla sa Stát, comhlíonann an Biúró i gcónaí a chuspóir reachtúil chun sochair fáltais dá gcuid a fuarthas ó choiriúlacht a dhiúltú agus a bhaint de choirpigh.
- 7.7 Bheadh sé místuama, áfach, don Bhiúró gan aitheantas a thabhairt d'éifeacht an choir chun donais sa gheilleagar agus a straitéis á forbairt. Ar éifeachtaí an choir sin tá:

- Luach diúltach i láthair na huairé a bheith ag fáltais ó iompar coiriúil ar féidir iad a rianú siar go hinfheistíocht i réadmhaoín
- A dheacra atá sé ar ghlacadóirí réadmhaoín a dhíol
- An gá atá le méadú ar idirchaidreamh le hinstitiúidí airgeadais a bhfuil morgáiste, muirear nó leas acu i réadmhaoín dá sórt
- Breithiúnais a fuarthas maidir le cáin nó airgead leasa shóisialaigh dlite a fheidhmiú in aghaidh daoine ar lú i bhfad a nglanfhiúchas anois nó ar féimhigh iad, a bheag nó a mhór

7.8 Tá an Biúró ag glacadh oirbhearta eile anois, lena n-áirítear díriú níos mó ar airgead tirim, ar chuntais bhainc agus ar eastát pearsanta agus a admháil go bhfuil sé de cheart ag institiúidí airgeadais a muirear féin a fhorfheidhmiú i gcás réadmhaoine ar fáltais ó choireacht í.

7.9 Iarmhairt eile a bheidh ann an toradh airgeadais a ghinfidh an Biúró a bheith laghdaithe, ach níl aon athrú tagtha ar thoradh deiridh bhearta an Bhiúró maidir leis an gcoirpeach a ndírítear air nó uirthi, is é sin aon leas a d'fhéadfadh a bheith acu i bhfáltais ó choireacht a bhaint de/di. Sin é príomhfheidhm an Bhiúró.

7.10 Díríonn an Biúró i gcónaí ar mhórspríocanna coiriúla ach dírítear chomh maith ar shócmhainní is lú luach. Is é tuairim an Bhiúró nach bhfaigheann an Stát mórán de theacht isteach faoin mbeartas seo ach go gcothaíonn sé muinín an phobail sa chóras ceartais choiriúil ina iomláine agus feidhmíonn sé mar dhíspreagadh ginearálta. Tá i gceist ag an mBiúró leanúint leis an gcur chuige sin agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do phobail áitiúla.

7.11 Bíonn idirchaidreamh leanúnach ann idir an Biúró agus an DPP agus an Garda Síochána chun leigheasanna dlí a chomhordú sa tóraíocht ar fháltais ó iompar coiriúil.

- 7.12 Comhordaíonn an Biúró a straitéis féin le Plean Póilíneachta agus le straitéis fhoriomlán an Gharda Síochána. Tacaíonn sé i gcónaí le roll amach Chlár Phróifíleoirí Rannacha an Gharda, soláthraíonn sé léachtaí, oiliúint agus saineolas ar bhonn leanúnach agus faigheann mar chúiteamh faisnéis, eolas agus fianaise ó na próifíleoirí thuasluaite. Leanfaidh an Biúró de bheith ag tacú leis an gclár sin agus ag baint úsáid as torthaí an chláir. Ar an tslí chéanna, tá idirchaidreamh leanúnach ann idir an Biúró agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a áirithiú go mbíonn oibríochtaí an Bhiúró ar aon dul le straitéis, cleachtais agus treoirlínte na n-eagraíochtaí sin.
- 7.13 Díríonn an Biúró i gcónaí ar a chuspóirí reachtúla a chomhall, ag díriú ar shócmhainní coiriúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ag áirithiú, go háirithe, go ndéanann an Biúró a chion féin sa troid fhoriomlán in aghaidh na coireachta agus go dtacaítear le pobail. Fócas lárnach den chuspóir sin go dtí seo ab ea é a chinntiú gur cuid dhílis é an Biúró i gcónaí den fhreagairt ar choireacht thromchúiseach agus ar choireacht eagraithe i ngach Rannán den Gharda Síochána.

Aguisín 1

CUSPÓIRÍ AN BHIÚRÓ

Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 arna leasú ag an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró—

- (a) sócmhainní a aithint, cibé áit a mbíonn siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,
- (b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-iomláine nó go páirteach, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus
- (c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

FEIDHMEANNA AN BHIÚRÓ

Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 arna leasú ag an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína oifigigh bhiúró, ná gach beart riachtanach a dhéanamh —

- (a) de réir fheidhmeanna an Gharda, chun críocha coigistiú, srianadh úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,
- (b) faoi na hAchtanna Ioncainm nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé an achtaíodh é roimh achtú an Achta seo nó dá éis, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncainm, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,
- (c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, nuair is iomchuí, aon éilimh ar shochar (laistigh de bhrí alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993) nó i dtaca leis, ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus
- (d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar aon éileamh ar shochar, laistigh de bhrí alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993, nó i dtaca leis, i gcás ina ndeimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil cúis réasúnach ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go

bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bhagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, nuair is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás um aisghabháil fáltas ó choireacht é nó údarás cánach nó údarás slándáil shóisialta, in aon chríoch nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion ar shlí ar bith nó a shrianaíonn ar shlí ar bith –

- (a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó
- (b) feidhmeanna an Ard-Aighne, Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.